Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**9262/23**

**PECHE 179**
**UK 89**
**N 48**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/194 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais agus, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige |

**RIALACHÁN (AE) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/194 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais agus, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle[1] socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad. Maidir leis na gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) agus na bearta atá nasctha go feidhmiúil leis na TACanna a shocraítear le Rialachán (AE) 2023/194, ba cheart iad a leasú chun torthaí na gcomhairliúchán le tríú tíortha a chur san áireamh.

---

1 Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige (IO L 28, 31.1.2023, lch. 1).

(2) Le Rialachán (AE) 2023/194, socraítear cuóta sealadach de chuid an Aontais le haghaidh trosc (*Gadus morhua*) in uiscí Svalbard agus in uiscí idirnáisiúnta d'fholimistéar 1 agus de roinn 2b den Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) don tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Márta 2023. Chun go bhféadfar leanúint de ghníomhaireachtaí iascaireachta, is gá cuóta cinntitheach de chuid an Aontais a chur in ionad chuóta sealadach sin an Aontais maidir leis an stoc sin le haghaidh 2023. Ba cheart, dá bhrí sin, don Chomhairle cuóta an Aontais le haghaidh trosc in uiscí Svalbard agus in uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéar 1 agus i roinn 2b ICES a shocrú bunaithe ar an TAC tagartha do throisc an Artaigh Thoir Thuaidh agus cearta iascaireachta stairiúla an Aontais. Ba cheart cuóta cinntitheach an Aontais le haghaidh trosc in uiscí Svalbard agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéar 1 agus i roinn 2b le haghaidh 2023 a shocrú ar leibhéal 15 629 tona, a chomhfhreagraíonn don chéatadán a léirítear i mír 3, pointe (a) den tuiscint pholaitiúil idir an tAontas agus an Iorua i ndáil leis na hiascaigh i bhfolimistéir 1 agus 2 ICES. Ba cheart cuóta an Aontais i gcomhair troisc in uiscí Svalbard agus in uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéar 1 ICES agus i roinn 2b ICES a leithdháileadh ar na Ballstáit i gcomhréir le Cinneadh 87/277/CEE ón gComhairle[1] faoi réir na n-oiriúnuithe is gá de thairbhe tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 36(E) a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile[2].

---

[1] Cinneadh 87/277/CEE ón gComhairle an 18 Bealtaine 1987 maidir le féidearthachtaí gabhála do throsc i réigiún Spitsbergen agus Oileán na mBéar a leithdháileadh agus i Roinn 3M mar a shainítear i gCoinbhinsiún NAFO (IO L 135, 23.5.1987, lch. 29).

[2] IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

(3) Le Rialachán (AE) 2023/194, socraítear cuóta sealadach de chuid an Aontais le haghaidh haileabó Graonlannach (*Reinhardtius hippoglossoides*) in uiscí idirnáisiúnta d'fholimistéar 1 agus 2 ICES don tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Márta 2023. Chun go bhféadfar leanúint de ghníomhaíochtaí iascaireachta, is gá cuóta cinntitheach de chuid an Aontais a chur in ionad chuóta sealadach sin an Aontais maidir leis an stoc sin le haghaidh 2023. Ba cheart cuóta cinntitheach an Aontais le haghaidh haileabó Graonlannach in uiscí idirnáisiúnta d'fholimistéir 1 agus 2 ICES le haghaidh 2023 a shocrú ar an leibhéal 1 711 tona. Is ionann leibhéal an chuóta sin de chuid an Aontais agus 9.25 % den TAC le haghaidh haileabó Graonlannach i bhfolimistéir 1 agus 2 ICES le haghaidh 2023, mar a mhol an tAontas ag an gCoimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh, eadhon 18 494 tona, i gcomhréir le comhairle ICES.

(4) Le Rialachán (AE) 2023/194, ní shocraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh péirsí mara (*Sebastes* spp.) in uiscí idirnáisiúnta d'fholimistéir 1 agus 2 ICES le haghaidh 2023. Chun go bhféadfar tús a chur le hiascaireacht ar an stoic sin a luaithe a chuirfear tús leis an séasúr iascaireachta ábhartha an 1 Iúil 2023, ba cheart cuóta an Aontais le haghaidh péirsí mara in uiscí idirnáisiúnta d'fholimistéir 1 agus 2 ICES a shocrú bunaithe ar mheán na dtrí ghabháil bhliantúla is airde de chuid an Aontais de phéirsí mara in uiscí idirnáisiúnta d'fholimistéir 1 agus 2 ICES sa tréimhse ó 2013 go 2022.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2023/194 a leasú dá réir.

(6) Tá feidhm ón 1 Eanáir 2023 ag na deiseanna iascaireachta dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2023/194. Dá bhrí sin, na forálacha maidir le deiseanna iascaireachta a thugtar isteach leis an Rialachán seo, ba cheart feidhm a bheith acu ón 1 Eanáir 2023 chomh maith. Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla ná don phrionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint, mar go bhfuil méadú tagtha ar na deiseanna iascaireachta atá i gceist nó nár ídíodh go fóill iad. I bhfianaise na práinne atá le briseadh sna gníomhaíochtaí iascaireachta a sheachaint, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm ar lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Leasú ar Rialachán (AE) 2023/194*

Leasaítear Iarscríbhinn IB a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/194 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

*Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní IB a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/194 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir leis an trosc (*Gadus morhua*) in uiscí Svalbard agus in uiscí idirnáisiúnta in 1 agus 2b:

‘

| Speiceas: | Trosc *Gadus morhua* | | Limistéar: uiscí Svalbard; uiscí idirnáisiúnta in 1 agus 2b (COD/1/2B.) |
|---|---|---|---|
| An Ghearmáin | 3 094 | (1)(2) | TAC anailíseach<br>Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.<br>Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. |
| An Spáinn | 7 994 | (1)(2) | |
| An Fhrainc | 1 320 | (1)(2) | |
| An Pholainn | 1 448 | (1)(2) | |
| An Phortaingéil | 1 688 | (1)(2) | |
| Ballstáit eile | 85 | (1)(2)(3) | |
| An tAontas | 15 629 | (1)(2) | |
| TAC | Ní bhaineann le hábhar | | |

(1) Tá cionroinnt sciar an stoic trosc atá ar fáil don Aontas i limistéar Spitzbergen agus Oileán na mBéar agus na foghabhálacha gaolmhara cadóg gan dochar do na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as Conradh Pháras 1920.

(2) Féadfaidh suas le 14 % de gach dol a bheith ina fhoghabhálacha cadóg. Tá cainníochtaí na bhfoghabhálacha cadóg sa bhreis ar na cuótaí trosc.

(3) Seachas an Fhrainc, an Ghearmáin, an Pholainn, an Phortaingéil agus an Spáinn. Na gabhálacha atá le ríomh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (COD/1/2B_AMS).

’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir leis an haileabó Ghraonlannaigh (Reinhardtius hippoglossoides) in uiscí idirnáisiúnta in 1 agus 2:

‘

| Speiceas: | An haileabó Graonlannach<br>*Rheinhardtius hippoglossoides* | | Limistéar: | Uiscí idirnáisiúnta in 1 agus 2<br>(GHL/1/2INT) |
|---|---|---|---|---|
| An tAontas | 1 711 | (1) | TAC réamhchúraim | |
| TAC | Ní bhaineann le hábhar | | | |
| (1) | Le haghaidh foghabhálacha amháin. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírithe faoin gcuóta seo. | | | |

’;

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir le péirse mhara (Sebastes spp.) in uiscí idirnáisiúnta in 1 agus 2:

‘

| Speiceas: | Péirsí mara<br>*Sebastes* spp. | | Limistéar: | Uiscí idirnáisiúnta in 1 agus 2<br>(RED/1/2INT) |
|---|---|---|---|---|
| An tAontas | 6 000 | (1) | TAC anailíseach<br>Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.<br>Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. | |
| TAC | Ní bhaineann le hábhar | | | |
| (1) | Ní fhéadfar é a iascach ach ón 1 Iúil go dtí an 31 Nollaig. Cuirfidh soithí iascaireachta teorainn lena bhfoghabhálacha de phéirsí mara in iascaigh eile d’uasmhéid 1 % den ghabháil iomlán a choinnítear ar bord. | | | |

’.